2024/1150

16.5.2024

**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 295/2023**

**an 27 Deireadh Fómhair 2023**

**lena leasaítear Iarscríbhinn XX (An Comhshaol) a ghabhann le Comhaontú LEE [2024/1150]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán (AE) 2023/838 ón gCoimisiún an 23 Márta 2023 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 748/2009 a mhéid a bhaineann le liosta na n-oibreoirí aerárthaí a rinne gníomhaíocht eitlíochta a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a thabhairt cothrom le dáta ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 21as (Rialachán (CE) Uimh. 748/2009 ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE:

'- **32023 R 0838**: Rialachán (AE) 2023/838 ón gCoimisiún an 23 Márta 2023 (IO L 108, 21.4.2023, lch. 1).'

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán (AE) 2023/838 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 28 Deireadh Fómhair 2023, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha (*).

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Deireadh Fómhair 2023.

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*
*An tUachtarán*
Pascal SCHAFHAUSER

([1]) IO L 108, 21.4.2023, lch. 1.
(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.